

‘Nuashonrú Bliantúil 2023 – Cód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann’

Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Stiúrthóra 2023

Is é seo an t-uasdátú bliantúil don bhliain 2023 ar Chód Cleachtais Chóras Staidrimh na hÉireann (CCCSÉ). Is cuid thábhachtach é CCCSÉ chun rialachas agus cáilíocht Staidreamh Oifigiúil na hÉireann a neartú tuilleadh.

Cuireadh de chúram ar an bPríomh-Oifig Staidrimh creat comhordaithe riachtanach a chruthú a thacaíonn le Córas Staidrimh na hÉireann i gcoitinne chun freastal ar riachtanais cinnteoirí agus an phobail araon. Cuidíonn Córas Staidrimh na hÉireann leis an bPríomh-Oifig Staidrimh freisin ceanglais reachtacha na hÉireann a chomhlíonadh chun cáilíocht Staidrimh Eorpaigh a chinntiú mar atá leagtha amach i reachtaíocht an AE. Le linn na bliana 2023, lean an Phríomh-Oifig Staidrimh uirthi ag déanamh monatóireacht ar chomhlíonadh CCCSÉ ag tiomsaitheoirí Staidrimh Oifigiúil agus ar chomhlíonadh Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh ag tiomsaitheoirí Staidrimh Eorpaigh.

Bhí comhoibriú suntasach ar bun idir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais maidir le gealltanais a fhorbairt i leith dea-chleachtais chun Staidreamh Oifigiúil a chur ar fáil faoi CCCSÉ. I rith na bliana, fuair an tÚdarás um Ard-Oideachas Staitisticí Oifigiúla faoi shonraí mac léinn agus céimithe deimhnithe faoi CCCSÉ, fuair dhá chomhlacht eile san earnáil phoiblí réimse Staitisticí Oifigiúla deimhnithe faoi CCCSÉ le linn na bliana 2024, is iad sin an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Bord Taighde Sláinte, agus bhí roinnt eagraíochtaí eile páirteach go gníomhach i bpróiseas deimhniúcháin CCCSÉ. Is féidir teacht ar shonraí an Staidrimh Oifigiúil atá deimhnithe faoin gcuid ‘Staidreamh Oifigiúil’ ag www.isscop.ie.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fuair sí ón Státseirbhís agus ón tSeirbhís Phoiblí maidir leis an tionscnamh suntasach seo a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, rud a neartaíonn cumas Chóras Staidrimh na hÉireann freastal ar riachtanais náisiúnta agus AE araon. Thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh, tá mé ag súil leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú seo lenár gcomhpháirtithe amach anseo.



Jennifer Banim

An tArd-Stiúrthóir

An Phríomh-Oifig Staidrimh